



## THE GLOBAL GOALS

For Sustainable Development



Is Féidir le Gach Duine  
a Bheith ina Mhaor Spriocanna



# Aoisghrúpa: Páistí 8-12 bhliain d'aois

## Torthaí Foghlama:

- Tuigfidh na daltaí cad atá i gceist le bheith ina Maor Spriocanna ar son na Spriocanna Domhanda
- Sainaitheoidh agus tuigfidh na daltaí na scileanna agus an saineolas atá acu cheana féin is féidir leo a úsáid leis na Spriocanna Domhanda a chur chun cinn.
- Foghlaimeoidh na daltaí conas seasamh lena dtuairimí

**Nithe a bheidh ag teastáil:** Pinn, péinteanna/criáin, ábhair le haghaidh colláise, scátháin nó grianghraf díobh féin, agus páipéar.

Sula dtosaíonn tú, bí cinnte go dtuigeann na daltaí cad is Spriocanna Domhanda ann.



Féach ar an bhfíseán réamheolais seo maidir leis na Spriocanna Domhanda sula gcuirtear tús leis an gceacht  
<https://www.youtube.com/watch?v=cBxN9E5f7pc&t=10s>

### **Na ceisteanna le cur:**

Cad is aidhm leis na Spriocanna Domhanda?

Cén fáth a bhfuil tábhacht ag baint leo?

Cé mhéad Spriocanna atá ann?

Cé atá freagrach as na Spriocanna Domhanda a bhaint amach?

*(leid: Rialtais, Eagraíochtaí Neamhrialtasacha, na Náisiúin Aontaithe (NA), Gnóthais, Scoileanna, Páistí, Aosaigh, Gach Duine!)*

# An Chéad Cheist Eile



- An bhfuil an t-aos óg freagrach as na Spriocanna Domhanda a bhaint amach freisin?
- An féidir leis an aos óg difear a dhéanamh i dtaobh na Spriocanna Domhanda?

Pléigh roinnt freagraí agus tuairimí difriúla agus mínigh go bhfuil páistí agus daoine óga, fiú agus iad an-óg, tar éis tionchar nach beag a bheith acu ar na Spriocanna Domhanda.

Bí ag breathnú ar World's Largest Lesson cuid 2 chun é a mhíniú.

[https://www.youtube.com/watch?v=Qx0AVjtdq\\_Q](https://www.youtube.com/watch?v=Qx0AVjtdq_Q)

# Déan iniúchadh ar Léarscáil World's Largest Lesson



- <https://worldslargestlesson.globalgoals.org/map/index.html>

Faigh amach faoina bhfuil ar siúl i scoileanna eile i do cheantar agus ar fud an domhain chun dul i ngleic leis na Spriocanna Domhanda.

Cuir do scoil leis an léarscáil, mar aon le do phlean gníomhaíochta!

Mínigh gur Maor Spriocanna iad na daltaí agus na pobail sin uile mar go bhfuil siad ag seasamh suas agus ag gníomhú ar son na Spriocanna Domhanda. Is gnáthdhaoine iad amhail mise agus tusa atá ag iarraidh go dtabharfaí cothrom na Féinne do gach uile dhuine fud fad an domhain.



## Barr Cumais Gach Duine a Bhaint Amach

Cuir na daltaí ag smaoineamh ar na ceisteanna thíos:

Cén rud atá speisialta fút a fhágann nach ionann tusa agus aon duine eile?

Cén rud fút a chiallaíonn go bhfuil de chumas ionat a bheith i do Mhaor Spriocanna?

Cén saghas duine ba mhaith leat a bheith ionat agus tú níos sine?

Abair leis na daltaí a oiread focal agus is féidir leo a bhreacadh síos; is tábhachtach a athrá nach bhfuil tréithe fisiciúla á lorg agat ach focail a chuireann síos ar scileanna agus eolas.

Scríobh liosta de fhreagraí na ndaltaí ar an gclár dubh nó déan néal focal cosúil leis an gceann thíos ar [www.wordart.com](http://www.wordart.com)



# Cruthaigh Portráid Maoir Spriocanna



- Iarr ar na daltaí an chéad trí fhocal is fearr leo a roghnú óna liosta.
- Mol dóibh íomhá cholláise díobh féin a tharraingt nó a phéinteáil.
- Úsáid an íomhá sin agus na trí fhocal chun Portráid Maoir Spriocanna a chruthú.
- Is féidir é sin a dhéanamh mar ghníomhaíocht ar líne freisin ag <https://wllgoalkeeperme.globalgoals.org/>
- Cuir na portráidí in airde timpeall an tseomra ranga le go bhfeicfidh gach duine iad.



# Anois tá tú réidh le do chéad bheart a dhéanamh!



- Tuigeann na daltaí anois na scileanna is gá a bheith acu le bheith ina Maoir, agus iad réidh le bheart a dhéanamh ar son na Spriocanna Domhanda!

Na ceisteanna le cur:

Cé na bearta is féidir leat a dhéanamh inniu leis na Spriocanna a bhaint amach?

Céard ba mhaith leat a dhéanamh mar rang ar son na Spriocanna?

Cé na ceisteanna atá agat faoi na Spriocanna?

Breathnaigh ar an bhfíseán deireanach den tsraith World's Largest Lesson chun inspioráid a fháil faoi conas tosú! <https://vimeo.com/266852848>

GO nÉIRÍ LEAT agus ná déan dearmad muid a chur ar an eolas faoi do bhearta uile ag [www.greenschoolsireland.org](http://www.greenschoolsireland.org) agus do scoil a chur le Léarscáil World's Largest Lesson

An Chomhairle um Oideachas  
Gaeltachta & Gaelscolaíochta

